# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Ceapachán an Chláraitheora**

(2023/C 216/02)

An 30 Aibreán 2023, scoir an tUasal Emmanuel Coulon, Cláraitheoir Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, de bheith i seilbh oifige. Ghlac an tUasal Vittorio Di Bucci, a ceapadh ina Chláraitheoir ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh le cinneadh ón gCúirt Ghinearálta an 26 Aibreán 2023, i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 254 CFAE agus le hAirteagal 32 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, an mionn an 5 Meitheamh 2023 agus chuaigh sé i mbun a dhualgas go gceann tréimhse sé bliana go dtí an 4 Meitheamh 2029, an dá dháta sin san áireamh.